2026/1338

16.6.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1338 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Meitheamh 2026

mar thaca le tionscadal maidir le réitigh dhigiteacha le haghaidh stoc-chairn shlána gnáth-armlóin i gComharsanacht an Aontais (AIMS/SIMS)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2001, ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe an Clár Gníomhaíochta chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach Mionarm agus Armán Éadrom a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú. I gClár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe, chomhaontaigh Ballstáit na Náisiún Aontaithe feabhas a chur ar rialacháin náisiúnta maidir le mionairm, bainistiú stoc-charn a neartú, a áirithiú go ndéanfar airm a mharcáil go cuí agus go hiontaofa, feabhas a chur ar an gcomhar i rianú arm agus páirt a ghlacadh i gcomhar agus i gcúnamh réigiúnach agus idirnáisiúnta.

(2) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle straitéis de chuid an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón dar teideal 'Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint', lenar aithníodh gur príomhthoisc í drochshlándáil stoc-charn lenar féidir airm agus armlón a atreorú ón margadh dleathach go margaí aindleathacha. Gheall an tAontas agus a Bhallstáit go leanfaidís de bheith ag cuidiú le tíortha eile feabhas a chur ar bhainistiú agus ar shlándáil stoc-charn atá i seilbh an stáit trí na creataí reachtacha agus riaracháin náisiúnta agus na hinstitiúidí a rialaíonn soláthar dlisteanach agus bainistiú stoc-charn mionairm agus armáin éadroma ('MAAÉ') agus armlóin do na fórsaí cosanta agus slándála a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar an marcáil agus coimeád taifead, agus caighdeáin agus dea-chleachtais a chur chun cinn agus a chur chun feidhme chun mionairm agus armlón a láimhseáil. Gheall an tAontas freisin cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn chun stoc-chairn MAAÉ a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí agus leanúint de thacaíocht a thabhairt don chomhar agus don chúnamh chun Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear slándáil fhisiciúil agus bainistiú stoc-charn MAAÉ agus armlóin.

(3) An 4 Nollaig 2023, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Creat Domhanda maidir le Gnáth-Armlón a bhainistiú le linn a Shaolré ('an Creat Domhanda'), ar creat comhoibritheach deonach é agus ina bhfuil sraith gealltanas polaitiúil chun na tionscnaimh atá ann cheana maidir le gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré a neartú agus a chur chun cinn, agus chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann cheana ó thaobh gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré. Leis an gCreat Domhanda, i gCuspóir 5, spreagtar na stáit leis na cumais theicniúla a bhunú chun faireachas leordhóthanach córasach inbhuanaithe a dhéanamh ar ghnáth-armlón i stoc-chairn náisiúnta, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear trí chomhar agus cúnamh idirnáisiúnta a sholáthar agus a fháil.

(4) Le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle [1] foráiltear go bhfuil ceadúnas onnmhairiúcháin le diúltú dá mbeadh formheas ar neamhréir le hoibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta na mBallstát, lena n-áirítear a ngealltanais faoin gCreat Domhanda.

[1] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).

(5) An 14 Aibreán 2025, d'fhormheas an Chomhairle Conclúidí maidir le Rialú ar Onnmhairiú Arm, inar gheall sí an obair a thabhairt chun cinn maidir le gnéithe a thacaíonn le trádáil fhreagrach teicneolaíocht mhíleata agus trealamh míleata, agus chuir sí de chúram ar an Meitheal um Onnmhairiú Gnáth-Arm (COARM) i gcás inarb ábhartha, tacú le fothú acmhainneachta tríú tíortha i ndáil le bainistiú stoc-charn arm agus armlóin.

(6) Tá an córas bainistíochta fardail armlóin ('AIMS') á fhorbairt ag Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil (GICHD), uirlis dhigiteach atá ceaptha chun tacú le bainistiú slán sábháilte inbhuanaithe stoc-charn armlóin. Tá AIMS deartha chun oibriú i sineirgíocht leis an gcóras bainistíochta faisnéise faireachais ('SIMS'). Déanfar AIMS agus SIMS a thriail ar bhonn píolótach sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus léirigh Poblacht na Moldóive spéis mhór sa dá uirlis chomh maith.

(7) Is chun leas slándála an Aontais atá sé tacú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus le Poblacht na Moldóive a bheith i gcomhréir le caighdeáin nua-aimseartha maidir le neamhleathadh agus sábháilteacht. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí don Aontas tacú, trí ranníocaíocht airgeadais, leis an tionscadal dar teideal 'Réitigh Dhigiteacha le haghaidh Stoic Gnáth-Armlóin Shlána i gComharsanacht an Aontais', arb é atá ann forbairt, glacadh, comhtháthú agus úsáid leanúnach AIMS agus SIMS sna tíortha sin. Tá gealltanas tugtha ag an Eilvéis an tionscadal sin a chómhaoiniú trí ranníocaíocht airgeadais a bheidh sa bhreis ar ranníocaíocht an Aontais a sholáthar, d'fhonn buiséad measta iomlán an tionscadail a bhaint amach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. D'fhonn straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus arm áin éadroma aindleathacha agus a n-armlóin dar teideal 'Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint' agus Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle a chur chun feidhme, tacóidh an tAontas le tionscadal dar teideal 'Réitigh Dhigiteacha le haghaidh Stoic Gnáth-Armlóin Shlána i gComharsanacht an Aontais', arb é atá ann forbairt, glacadh, comhtháthú agus úsáid leanúnach an Chórais Bainistíochta Fardal Armlóin (AIMS) agus an Chórais Bainistíochta Faisnéise Faireachais (SIMS) sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus i bPoblacht na Moldóive ('an Tionscadal').

2. Is é cuspóir an Tionscadail feabhas a chur ar chumais eagrúcháin údaráis náisiúnta na Boisnia agus an Heirseagaivéin agus Phoblacht na Moldóive maidir le gnáth-armlón a bhainistiú le linn a saolré, chun an baol atreoraithe agus pléascanna de thaisme a mhaolú.

3. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an Tionscadal sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil (GICHD) a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an Tionscadail.

3. Déanfaidh GICHD a chuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, cuirfidh an tArdionadaí na socruithe is gá le GICHD i gcrích.

Airteagal 3

1. Is é EUR 1 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an Tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas. Is é EUR 1 389 145 a bheidh i mbuiséad measta iomlán an Tionscadail.

2. Déanfar caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú i gcrích le GICHD. Sonrófar sa chomhaontú sin go bhfuil GICHD le hinfheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú ar bhealach atá iomchuí do mhéid na ranníocaíochta sin.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí a bhaineann leis an gcomhaontú sin a thabhairt i gcrích agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú chun críche.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle faoi chur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha 6 mhí arna n-ullmhú ag GICHD.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuairisciú chuig an gComhairle maidir le gnéithe airgeadais an Tionscadail.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích nó, mura dtabharfar aon chomhaontú mar sin i gcrích laistigh de 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 15 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

Réitigh Dhigiteacha le haghaidh Stoc-Chairn Shlána Gnáth-Armlóin i gComharsanacht an Aontais: Tionscadal AIMS/SIMS

1. CÚLRA AGUS RÉASÚNAÍOCHT DO THACAÍOCHT Ó CBES

1.0 **An dúshlán**

Chun gnáth-armlón, atá faoi úinéireacht agus rialú náisiúnta, a bhainistiú ar bhealach slán, sábháilte, inbhuanaithe, le linn shaolré an armlóin sin, chomh maith le rialú arm a neartú agus atreorú agus leathadh arm a chosc, is ceanglas bunúsach é an cumas a bheith ag Stát é a aicmiú agus a chainníochtú agus cuntas a thabhairt air. Gan an acmhainneacht sin aige, tá rioscaí méadaithe roimh Stát maidir le pléascanna tionóisceacha, atreorú agus leathadh neamhrialaithe armlóin. Tá na rioscaí sin an-ard i suíomhanna ina bhfuil coinbhleacht agus i suíomhanna ísealacmhainneachta inar minic nach mbíonn na hacmhainneachtaí teicniúla, airgeadais, oibríochtúla ná eagraíochtúla ag na húdaráis náisiúnta chun a ngnáth-armlón a bhainistiú. Sna comhthéacsanna sin, d'fhéadfadh an méid a leanas tarlú do na Stáit sin:

— ní bheidís in ann ceanglais armlóin a thuar go cruinn ná pleanáil a dhéanamh le haghaidh soláthar tráthúil costéifeachtach.

— ní shainaithneoidís armlón atá ag díghrádú nó armlón neamhsháibháilte, rud a mhéadódh an baol go dtarlódh pléascanna tionóisceacha.

— chaillfidís deiseanna chun armlón atá imithe i léig a shainaithint agus a dhiúscairt go sábháilte, rud a chuirfeadh le rioscaí sábháilteachta agus slándála.

— ní bheadh taifid chuimsitheacha acu, lena n-áirítear rianú baisce agus uimhreacha luchtóige, rud a bhainfeadh an bonn dá gcumas armlón a rianú, pointí atreoraithe a shainaithint, agus tacú le himscrúduithe iar-atreoraithe.

— chaillfidís infheictheacht maidir le suíomh fisiciúil agus stádas dlíthiúil stoc-charn armlóin, rud a mhéadódh an baol atreoraithe agus a chuirfeadh bac ar inrianaitheacht.

— ní bheadh acmhainneacht leordhóthanach acu chun deimhnithe úsáideora deiridh a eisiúint agus a fhíorú agus measúnuithe riosca láidre réamhaistrithe agus iaraistrithe a dhéanamh, mar a cheanglaítear faoi chomhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha maidir le rialú onnmhairí.

— ní bheadh Stáit in ann gealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh mar stáit is onnmhaireoirí agus mar stáit stoc-charntha faoi ionstraimí, mar shampla, an Conradh Trádála Arm (CTA), Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach i Mionairm agus in Armáin Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú (CG NA) agus an Creat Domhanda maidir le Gnáth-Armlón a Bhainistiú le linn a Shaolré (Creat Domhanda).

Mar fhreagairt ar na bearnaí oibríochtúla agus institiúideacha sin, tá géarghá le córais atá oiriúnach don chomhthéacs agus atá bunaithe ar chaighdeáin lena gcuirtear ar chumas na Stát creataí láidre agus inbhuanaithe bainistithe fardail a bhunú. Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar rioscaí sábháilteachta agus slándála araon, ní mór do na córais sin dul níos faide ná clárú bunúsach. Leis na córais sin, ní mór bheith in ann tacar cuimsitheach sonraí a bhailiú, a chomhtháthú agus a anailísiú go córasach – ní hamháin maidir le cineál, suíomh agus cainníocht an armlóin, ach freisin maidir lena riocht, a fhóinteacht agus a stádas faireachais ar feadh a shaolré. Chuige sin, tá gá le bonneagar digiteach tiomnaithe lenar féidir cinnteoireacht fheasach, tosaíocht riosca agus pleanáil fhadtéarmach a éascú, agus cuspóirí maidir le rialú arm agus neamhleathadh á dtreisiú ag an am céanna, i gcomhréir le caighdeáin, treoirlínte agus dea-chleachtais idirnáisiúnta, ar aon dul leo siúd atá sna Treoirlínte Teicniúla Idirnáisiúnta maidir le Muinisin (IATG) agus a iarrtar i gCuspóir 5 agus i gCuspóir 7 den Chreat Domhanda.

1.1 **AIMS/SIMS: Réiteach digiteach le haghaidh bainistiú cuimsitheach fardail**

Tar éis roinnt iarrataí a fháil ó údaráis náisiúnta ar thacaíocht chun rialú arm agus iarrachtaí neamhleata a neartú trí fhardal agus faireachas feabhsaithe ar stoc-chairn gnáth-armlóin, tá Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil – trína Fhoireann Chomhairleach um Bainistiú Armlóin – i mbun phacáiste bogearraí AIMS/SIMS a fhorbairt.

Is uirlis bogearraí dhigiteach, inscálaithe agus ailínithe le IATG é **AIMS (Córas Bainistithe Fardail Armlóin)** a dearadh chun tacú le bainistiú stoc-chairn armlóin atá slán, sábháilte, inbhuanaithe. Tá AIMS bunaithe ar chóras bainistithe fardail a úsáideann Aireacht Cosanta na Ríochta Aontaithe, agus is ag an gcéim forbartha atá sé faoi láthair. Déanfar AIMS a phíolótú sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (BiH), agus tá spéis mhór ag tíortha eile ann, lena n-áirítear an Chasacstáin, an Mholdóiv agus Peiriú.

Tacaíonn AIMS leis an iarracht náisiúnta chun na rioscaí a bhaineann le stoc-chairn armlóin a bhainistítear go neamhsháibháilte agus go neamhshlán a laghdú agus cuidíonn sé le feabhas a chur ar chumas eagraíochtúil na n-údarás náisiúnta gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré. Go sonrach, cuireann AIMS na príomhbhuntáistí seo a leanas ar fáil:

— sábháilteacht an phearsanra agus an phobail shibhialta a fheabhsú trí thacú le harmlón a stóráil, a láimhseáil, a iompar agus a dhiúscairt go sábháilte.

— brath tráthúil a chumasú i gcás caillteanas agus atreorú trí rianú fíor-ama stoic agus gnáthsheiceálacha fisiciúla stoic.

— feabhas a chur ar éifeachtúlacht stoc-charn agus ar laghdú riosca trí bhainistiú fardail a nascadh le sonraí faireachais chun bonn eolais a chur faoi chinntí pleanála, soláthair agus diúscartha.

— neartú institiúideach a spreagadh trí athbhreithnithe próisis, nósanna imeachta caighdeánaithe agus forbairt acmhainneachta fhadtéarmach a chur chun cinn faoi chreataí faoi stiúir náisiúnta.

Cé go n-oibríonn AIMS go neamhspleách, tá sé deartha chun oibriú i sineirge leis an g**Córas Bainistíochta Faisnéise Faireachais (SIMS)**. Rianaítear le SIMS riocht agus cobhsaíocht armlóin le himeacht ama agus tá sé comhtháite le AIMS, rud a thacaíonn le cinnteoireacht, pleanáil agus bainistiú rioscabhunaithe. Arna fhorbairt i gcomhréir le IATG, éascaíonn SIMS bailiú, stóráil agus anailísiú córasach sonraí a bhaineann le cigireachtaí fisiceacha, tástálacha ceimiceacha, nochtadh don chomhshaol, agus códú reachta. Gabhtar ann faisnéis chriticiúil maidir le haosú, díghrádú agus éagobhsaíocht (lena n-áirítear le haghaidh earraí ardriosca ar nós muinisin atá bunaithe ar thiomántáin), rud a fhágann gur féidir armlón neamhsháibháilte a shainaithint go luath. Tacaíonn sé sin le tosaíocht a thabhairt do bhearta maolaithe riosca, mar atá diúscairt spriocdhírithe, toirmisc, nó srianta gluaiseachta, agus áirithítear leis nach gcoinneofar sa stoc-charn náisiúnta ach armlón atá sábháilte lena stóráil, lena iompar agus lena úsáid.

I gcás ina bhfuil sé nasctha le AIMS, ceadaítear le SIMS crostagairt fíor-ama a dhéanamh ar shonraí fardail agus reachta, rud a chuireann ar chumas na n-údarás teicniúil náisiúnta cinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh maidir le pleanáil faireachais, leithdháileadh acmhainní, agus bainistiú stoc-chairn fadtéarmach. Trí shonraí faireachais a leabú i mbainistiú fardail níos leithne, neartaíonn an comhchóras acmhainneachtaí náisiúnta chun an baol go dtarlódh pléascanna tionóisceacha a laghdú agus tacaíonn sé le comhlíonadh na norm sábháilteachta agus slándála idirnáisiúnta.

Líonann pacáiste bogearraí AIMS/SIMS bearna chumais chriticiúil nach dtugtar aghaidh uirthi le haon chóras eile atá ann cheana, trí ardán bonneagair dhigitigh, atá faoi úinéireacht náisiúnta, atá inscálaithe agus bunaithe ar chaighdeáin, a chur ar fáil chun gnáth-armlón a bhainistiú ar bhealach slán, sábháilte, inbhuanaithe. Ina theannta sin, le AIMS/SIMS, cuirtear ar chumas Stáit Cuspóirí 5 agus 7 den Chreat Domhanda a chur chun feidhme go díreach, agus dul chun cinn á éascú ag an am céanna maidir le Cuspóir 6 (laghdú riosca), Cuspóir 10 (atreorú a chosc), Cuspóir 11 (marcáil agus rianú), Cuspóir 12 (comhroinnt faisnéise maidir le hatreorú), agus Cuspóir 13 (bailiú agus anailís sonraí maidir le hatreorú). Chomh maith lena n-ailíniú leis an gCreat Domhanda, tacaíonn AIMS/SIMS le cur chun feidhme phríomhionstraimí rialaithe arm agus slándála an Aontais, lena n-áirítear Straitéis an Aontais i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha agus a nArmlón, Comhsheasamh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hOnnmhairiú Arm (2008/944/CBES agus an t-athbhreithniú a rinneadh air in 2019), agus Treochláir Réigiúnacha maidir le Mionairm agus Armáin Éadroma (MAAÉ) (e. g. Treochlár na mBalcán Thiar 2024).

Trí shonraí fardail cruinne agus fíor-ama, rianú reachta agus inrianaitheacht armlóin a chumasú, neartaíonn na córais sin an cumas atá ag stát measúnuithe riosca réamhaistrithe agus iaraistrithe a dhéanamh, comhlíonadh úsáide deiridh agus úsáideoirí deiridh a fhíorú, agus rannchuidiú le córais rialaithe náisiúnta níos láidre – i gcomhréir le critéir Airteagal 5 de Chomhsheasamh an Aontais. Tacaíonn siad go díreach freisin le tosaíochtaí slándála agus forbartha níos leithne an Aontais tríd an mbaol atreoraithe a laghdú, tríd an trédhearcacht a fheabhsú, agus trí fheabhas a chur ar an acmhainneacht tuairiscithe faoi chórais trádbhaic arm CTA, Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe, agus Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

1.1.1 *Anailís mhargaidh*

Níl córais thiomnaithe bainistithe fardail, arna gceapadh go sonrach chun gnáth-armlón a bhainistiú, ag formhór na Stát. Bíonn údaráis náisiúnta ag brath ar chórais sheiftithe nó neamhleora i gcuid mhaith comhthéacsanna – mar shampla, cláir pháipéir, scarbhileoga Excel, nó bogearraí lóistíochta ginearálta, ardáin chlárúcháin arm tine, nó réitigh a sholáthraíonn deontóirí – córais nach bhfuil oiriúnach don fheidhm a mhéid a bhaineann leis na héilimh chasta a éiríonn as gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré. Is minic nach mbíonn gnéithe tábhachtacha teicniúla ag na roghanna malartacha sin, mar atá rianú úsáide ar leibhéal luchtóige, bainistiú grúpa comhoiriúnachta, aicmiú guaise pléascán, ceadúnais teorann sophléascachta agus faireachán ar riocht. Mar thoradh air sin, ní leor iad chun tacú leis na hiarrachtaí chun pléascanna tionóisceacha, atreorú, carnadh farasbairr agus comhroinnt faisnéise a chosc agus a mhaolú, lena n-áirítear chun críoch rianaithe agus tuairiscithe idirnáisiúnta.

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir clárlanna arm agus córais bainistithe fardail armlóin. Díríonn clárlanna arm go ginearálta ar úinéireacht, shainaithint agus rialuithe maidir le haistriú ach le haghaidh armlóin, atá inchaite, meatach agus a stóráiltear go minic ar an mórchóir, éilítear córas i bhfad níos mionsonraithe agus níos dinimiciúla a úsáid. Ní mór do chórais bainistithe armlóin an méid a leanas a rianú le bheith éifeachtach: sonraíochtaí teicniúla (calabra, cineál, uimhir luchtóige, glanchainníocht phléascach), sonraí stórála (suíomh, grúpa comhoiriúnachta, aicmiú guaiseacha), torthaí faireachais, stádas fóinteachta, stair ghluaiseachta, agus gníomhaíochtaí diúscartha. Tá an tacar sonraí níos leithne sin riachtanach ní hamháin le haghaidh láimhseáil shábháilte agus pleanáil oibríochtúil ach freisin le haghaidh faireachais, brath caillteanais, réamhaisnéis saolré, agus pleanáil airgeadais.

Cuireann roinnt uirlisí digiteacha atá ann cheana ([1]) réitigh pháirteacha ar fáil maidir le fardal armlóin a bhainistiú agus taifid a choinneáil air. Cé go bhfuil siad úsáideach, tá na córais sin ceaptha go príomha le haghaidh mionairm agus armáin éadroma agus armlón gaolmhar. Mar thoradh air sin, is gnách leo catagóirí níos leithne gnáth-armlóin a eisiamh agus ní bhíonn na príomhfheidhmiúlachtaí a leanas acu, mar shampla: comhtháthú le sonraí faireachais, aicmiú grúpa comhoiriúnachta, lipéadú guaise, nó rianú saolré iomláine. Leis na teorainneacha sin, laghdaítear go mór a bhfóntacht do bhainistiú cuimsitheach gnáth-armlóin le linn a shaolré agus cuirtear bac ar a gcumas tacú le próisis chinnteoireachta nó phleanála rioscabhunaithe.

([1]) Mar shampla, *ArmsTracker*, na Bogearraí chun Fardal Arm Tine agus Armlóin a Rialú, agus an Córas Clárúcháin agus Bainistithe Arm.

Os a choinne sin, tá pacáiste bogearraí AIMS/SIMS saintógtha chun speictream iomlán na gceanglas a chomhlíonadh maidir le gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré ar bhealach slán, sábháilte, inbhuanaithe. Le AIMS/SIMS, éascaítear rianú tráthúil, ar leibhéal luchtóige, ar gach cineál armlóin; comhtháthaítear sonraí faireachais; tacaítear le haicmiú grúpa comhoiriúnachta, aicmiú guaiseacha, agus ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta. Tá an córas inscálaithe, inoiriúnaithe do shreafaí oibre náisiúnta, agus deartha chun oibriú i suíomhanna éagsúla faoi rialú náisiúnta. Thar aon ní eile, déanann AIMS rianú bunúsach fardail a chlaochlú ina uirlis straitéiseach lena bhfeabhsaítear cumais na n-údarás náisiúnta sábháilteacht agus slándáil an stoc-chairn náisiúnta a phleanáil agus a fheabhsú, agus feabhas a chur ar an gcumas sonraí a bhaineann le harmlón atreoraithe a bhailiú agus a anailísiú, faisnéis a chomhroinnt (lena n-áirítear maidir le hatreorú agus gáinneáil aindleathach) agus gealltanais idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh agus rialú arm a chomhlíonadh trí úsáid chomhtháite a bhaint as sonraí armlóin ilchuspóireacha fíor-ama.

1.1.2 *Réitigh mhalartacha:*

Leis na hardáin lóistíochta ghinearálta a bhíonn á n-úsáid ag Stáit aonair, dírítear ar bhainistiú foriomlán sócmhainní freisin, ach níl siad saincheaptha do riachtanais sábháilteachta, slándála agus trédhearcachta gnáth-armlóin, ná níl siad ceaptha tacú le haidhmeanna idirnáisiúnta maidir le rialú arm agus neamhleathadh.

Os a choinne sin, tá AIMS/SIMS saintógtha, ailínithe le IATG, agus is féidir iad a chur chun feidhme ar fud an domhain; cuirtear réiteach digiteach tiomnaithe ar fáil leo chun rioscaí atreoraithe a laghdú, pléascanna tionóisceacha a chosc, agus iarrachtaí rialaithe arm agus neamhleata a neartú.

1.2. **Forbairt bogearraí AIMS/SIMS**

1.2.1 *Úinéireacht*

Chun idir-inoibritheacht agus cost-éifeachtúlacht iomlán a áirithiú, tá AIMS agus SIMS á bhforbairt ag an am céanna trí úsáid a bhaint as ailtireacht chomhroinnte bogearraí, lena gcuirtear réiteach déach comhtháite ar fáil ar dhá cheann de na dúshláin is casta maidir le gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré: rialú agus faireachas fardail. Beidh bogearraí bonnlíne AIMS/SIMS, lena n-áirítear an cód foinseach, fós faoi úinéireacht Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil agus a chomhpháirtí forbartha bogearraí. Cuirfear na bogearraí ar fáil saor in aisce do Stáit.

Mar gheall ar chastacht na suiteála, áfach – go háirithe iontráil tosaigh na sonraí agus an t-oiriúnú do nósanna imeachta agus sreafaí oibre náisiúnta – tacóidh Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil le gach tír na bogearraí a shuiteáil agus a shaincheapadh chun cur chun feidhme cuí agus éifeachtach a áirithiú. A luaithe a shuiteálfar é, beidh leagan náisiúnta bhogearraí AIMS/SIMS ina mhaoin de chuid na tíre comhpháirtíochta. Ní bheidh rochtain ag Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil ná ag aon tríú páirtí ar an gcóras náisiúnta, ach amháin má tá sé riachtanach agus má thug an tír féin rochtain trí ríomhaire tairsí chun fabhtanna a dheisiú nó chun nuashonruithe a shuiteáil. Tá an cur chuige sin ar aon dul leis an tsamhail úinéireachta bogearraí a glacadh do Chóras Bainistíochta Faisnéise um an nGníomhaíocht Mianach de chuid Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil.

1.2.2 *Amlíne forbartha, garspriocanna agus maoiniú*

Tá an tionscnamh AIMS/SIMS á fhorbairt ó 2022 i leith. Cuireadh an cruthúnas coincheapa tosaigh i gcrích idir 2022 agus 2023 le cistiú ó Oifig Gnóthaí Eachtracha, Comhlathais agus Forbartha na Ríochta Aontaithe. Le linn na céime sin, forbraíodh an creat coincheapúil don chóras bainistithe fardail le hionchuir ó Bhord Athbhreithnithe Theicniúil IATG, agus roghnaíodh gnólacht forbartha bogearraí lóistíochta a bhfuil taithí aige trí thairiscint oscailte chun na bogearraí fréamhshamhlacha a tháirgeadh.

In 2023, d'iarr an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin tacaíocht idirnáisiúnta chun sábháilteacht, slándáil agus cuntasacht a stoc-charn náisiúnta armlóin a neartú. Mar fhreagairt air sin, sheol Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil tionscadal chun croí-ailtireacht bogearraí AIMS a dhearadh agus a fhorbairt, agus is í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin an tír phíolótach le haghaidh tástála agus bailíochtú. Bhíothas in ann an chéim sin a bhaint amach trí thacaíocht airgeadais agus theicniúil ó Roinn Cónaidhme Cosanta, Cosanta Sibhialta agus Spóirt na hEilvéise.

Le linn 2024, rinne Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil cleachtadh riachtanas úsáideora fairsing i ndlúthchomhar le Meitheal Theicniúil thiomnaithe ina raibh ionadaithe ó aireachtaí agus gníomhaireachtaí sainordaithe. Le linn an phróisis riachtanas úsáideora, ba léir go mbeadh gá le huirlis bogearraí bhreise chun faisnéis a bhaineann le faireachas a bhainistiú in éineacht le bainistiú fardail. Mar thoradh air sin, rinneadh ailtireacht deiridh na mbogearraí a athdhearadh chun AIMS agus SIMS araon a áireamh, arna forbairt i gcomhréir le IATG agus dírithe ar chumas na n-údarás náisiúnta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin atreorú a chosc, cuntasacht a fheabhsú, agus cuspóirí níos leithne maidir le rialú arm agus neamhleathadh a chur chun cinn.

In 2025, tá tiomsú airgid ar siúl chun tacú le pacáistí bogearraí AIMS/SIMS a thabhairt chun críche, lena n-áirítear iad a bhailíochtú, ábhair agus acmhainní oiliúna cur chun feidhme a fhorbairt, agus an t-ullmhúchán don chur chun feidhme sa Mholdóiv. Idir an dá linn, thacaigh Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil leis an obair ullmhúcháin chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis theicniúil agus na sonraí is gá le haghaidh fheidhmiú cuí AIMS agus SIMS ar fáil, agus béim á leagan ar shainaithint chruinn armlóin a chumasú ar mhaithe le hatreorú a chosc, fíorú úsáideoirí deiridh, agus tuairisciú idirnáisiúnta. Meastar go ndéanfaidh BiH cuntasaíocht chuimsitheach ar a stoc-charn náisiúnta armlóin chun a áirithiú go mbeidh na sonraí a iontrálfar in AIMS cruinn agus iomlán. A luaithe a bheidh an fhorbairt bogearraí tugtha chun críche (meastar gur 18 mí a bheidh ann tar éis cistiú a dheimhniú), cuirfear AIMS/SIMS chun feidhme go hiomlán in BiH. Beidh an cur chun feidhme píolótach sin ina phríomhbhailíochtú ar fheidhmiúlacht an chórais agus soláthrófar leis ceachtanna foghlamtha riachtanacha chun an cur chun feidhme sa Mholdóiv a threorú.

2. SPRIOC, CUSPÓIRÍ AGUS TORTHAÍ AN TIONSCADAIL

2.1 **An Cuspóir Foriomlán**

Is é sprioc fhoriomlán an tionscadail cuidiú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus leis an Moldóiv gnáth-armlón faoi úinéireacht agus faoi rialú náisiúnta a bhainistiú ar bhealach slán, sábháilte, inbhuanaithe, le linn saolré an armlóin sin, trí phacáiste bogearraí AIMS/SIMS a ghlacadh agus a úsáid go seasta. Tacóidh an tionscadal seo, dá réir sin, le cur chun feidhme an Chreata Dhomhanda agus ionstraimí ábhartha eile maidir le rialú arm agus neamhleathadh arm, idir ionstraimí sin an Aontais agus ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta. Ní taca é áfach d'acmhainneacht comhraic ná d'acmhainneacht oibríochtúil na bhfórsaí armtha, ná ní chuirfidh sé leis na hacmhainneachtaí sin acu; Is leis an atreorú a chosc, arm a rialú agus leathadh arm a chosc, agus leo sin amháin, a bhaineann raon feidhme an tionscadail seo.

2.2 **Cuspóirí Sonracha**

Chun an sprioc sin a bhaint amach, bainfear fónamh as an tionscadal chun críche na gcuspóirí seo a leanas:

Cuspóir 1: Bogearraí AIMS/SIMS a fhorbairt, a bheachtú agus a úsáid sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus sa Mholdóiv mar uirlis inscálaithe, a bheidh ag teacht leis na Treoirlínte Teicniúla Idirnáisiúnta maidir le hArmlón (IATG), do na húdaráis náisiúnta le go bhféadfaidh siad armlón a bhainistiú go slán, go sábháilte agus go cuntasach, agus le go bhféadfar, ar an gcaoi sin, an baol go ndéanfaí atreorú agus go dtarlódh pléascanna tionóisceacha a mhaolú.

Cuspóir 2: Feabhas a chur ar chumais eagrúcháin údaráis náisiúnta na Boisnia agus an Heirseagaivéin agus na Moldóive maidir le gnáth-armlón a bhainistiú le linn saolré an armlóin sin, trí phacáiste bogearraí AIMS/SIMS a ghlacadh, a chomhtháthú agus a úsáid go seasta, rud a thacóidh le húinéireacht náisiúnta, le cur chun feidhme inbhuanaithe agus leis an atreorú a chosc.

Cuspóir 3: Bogearraí AIMS/SIMS a chur chun cinn, ach a gcuirfidh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Mholdóiv chun feidhme iad, agus cur lena mhéid a bheidh siad ag teacht leis an gCreat Domhanda agus le tionscnaimh ábhartha maidir le rialú arm, idir thionscnaimh de chuid an Aontais agus tionscnaimh ábhartha idirnáisiúnta (is é sin an Conradh Trádála Arm agus CG NA), agus na spriocanna seo a leanas acu: an t-atreorú a chosc, armlón aindleathach a rianú, faireachán a dhéanamh ar an úsáid deiridh, agus sábháilteacht armlóin.

3. NA TORTHAÍ AGUS NA HASCHUIR A BHFUIL COINNE LEO

3.1 **Toradh 1:** Pacáiste lánfhorbartha bogearraí AIMS/SIMS a fhónfaidh mar réiteach digiteach chun an fardal gnáth-armlóin agus an faireachas air a bhainistiú ar bhealach slán, sábháilte, inbhuanaithe, lena gcuirfear neart le hatreorú a chosc, armlón aindleathach a rianú, faireachán ar an úsáid deiridh, agus le sábháilteacht armlóin.

3.1.1 *Gníomhaíochtaí*

— Bogearraí AIMS/SIMS a fhorbairt agus a bhailíochtú mar thacar modúlach uirlisí a chomhlíonann Treoirlínte Teicniúla IATG chun an fardal gnáth-armlóin agus an faireachas air a bhainistiú, ar aon dul le IATG.

— Pacáiste iomlán cur chun feidhme a sholáthar, lena n-áirítear ábhair oiliúna, treoracha d'úsáideoirí, agus prótacail chomhtháthaithe chun tacú leis an gcur i bhfeidhm náisiúnta agus leis an inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

— Prótacail Doiciméadachta agus Oibríochtúla AIMS/SIMS a fhorbairt trí ailtireacht na mbogearraí, lámhleabhair úsáideora agus prótacail iontrála sonraí na mbogearraí a dhoiciméadú.

Garsprioc thábhachtach: Bogearraí AIMS/SIMS a bheith forbartha.

3.2 **Toradh 2:** Acmhainneacht fheabhsaithe eagraíochtúil BiH agus na Moldóive i dtaca leis an bhfardal gnáth-armlóin a bhainistiú agus a fhaire le linn saolré an armlóin sin, ar aon dul le IATG.

3.2.1 *Céim A de Chur Chun Feidhme Gníomhaíochtaí. An Rannpháirtíocht agus an Tionscadal a Chur Chun Siúil*

— Iarraidh fhoirmiúil a fháil nó comhaontú a thabhairt i gcrích le BiH agus leis an Moldóiv chun treisiú le rialú arm ar an leibhéal náisiúnta, chun treisiú leis an neamhleathadh agus chun an t-atreorú a chosc trí bhíthin AIMS/SIMS a ghlacadh.

— Meitheal Saineolaithe náisiúnta a bhunú chun cur chun feidhme tionscadal in BiH agus sa Mholdóiv a threorú agus a mhaoirsiú.

— Ceardlann pleanála teicniúla a éascú ina mbeidh an Mheitheal Saineolaithe agus na páirtithe leasmhara eile páirteach chun cúraimí cur chun feidhme a shainiú agus plean oibre mionsonraithe a fhorbairt i dtaobh an tionscadal a chur chun feidhme.

— Cur leis an bhfeasacht agus oiliúint a chur ar fáil don Mheitheal Saineolaithe agus do na húdaráis náisiúnta shainordaithe, maidir leis an bhfardal armlóin a bhainistiú agus leas a bhaint as AIMS/SIMS chun an t-atreorú a chosc, armlón aindleathach a rianú, faireachán a dhéanamh ar an úsáid deiridh, agus cur leis an tsábháilteacht armlóin.

Garsprioc thábhachtach: Comhaontú comhpháirtíochta a bheith sínithe le BiH agus leis an Moldóiv.

3.2.2 *Céim B de Chur Chun Feidhme Gníomhaíochtaí. An Creata Rialála agus Teicniúil a Fhorbairt*

— Sainiú a dhéanamh ar na fothaí náisiúnta rialála, nós imeachta agus teicniúla is gá chun AIMS/SIMS a ghlacadh agus a chothú.

— Tacú leis an Meitheal Saineolaithe Eolaire Teicniúil Armlóin agus Bunachar Sonraí Náisiúnta Armlóin comhdhlúite a fhorbairt agus a fhormheas chun tacú le próisis chaighdeánaithe fardail agus faireachais.

— Tacú leis an Meitheal Saineolaithe gach sreabhadh oibre agus nós imeachta dá bhfuil ann, agus a bhaineann le fardal, le coimeád taifead agus le faireachas, a mhapáil agus a dhoiciméadú.

— Oibriú leis an Meitheal Saineolaithe chun an cur chuige comhtháthaithe idir AIMS/SIMS agus na córais ar ann dóibh cheana (e.g. bogearraí lóistíochta ginearálta) a shainaithint, a dhoiciméadú agus a fhormheas.

— Na riachtanais crua-earraí agus bogearraí a shainaithint atá riachtanach don imscaradh náisiúnta. Tacú leis na húdaráis náisiúnta in BiH agus sa Mholdóiv cistiú breise a aimsiú más gá chun crua-earraí agus bogearraí a sholáthar.

— Comhairle theicniúil agus cúnamh oibríochtúil a chur ar fáil d'fhonn fardal iomlán gnáth-armlóin a dhéanamh.

Garsprioc thábhachtach: Formheas a bheith déanta ag na húdaráis náisiúnta shainordaithe in BiH agus sa Mholdóiv ar an Eolaire Teicniúil Armlóin, ar an mBunachar Sonraí agus ar léarscáileanna próisis.

3.2.3 *Céim C de Chur Chun Feidhme Gníomhaíochtaí: An Córas a Chomhtháthú agus Oiliúint a Chur ar Fáil*

— AIMS agus SIMS a shuiteáil ar ardán náisiúnta stórála sonraí BiH agus na Moldóive, agus cumraíocht shlán a áirithiú.

— Oiliúint agus meantóireacht struchtúrtha a chur ar fáil do na húsáideoirí is gá.

— Cúnamh a thabhairt, arna iarraidh sin, maidir le glanadh agus comhtháthú sonraí i gcórais AIMS agus SIMS.

Garsprioc thábhachtach: Bogearraí a bheith suiteáilte agus sonraí a bheith comhtháthaithe in AIMS agus in SIMS.

3.2.4 *Céim D de Chur Chun Feidhme Gníomhaíochtaí: Acmhainneacht a fhothú agus inbhuanaitheacht na gcóras*

— Oiliúint athnuachana, meantóireacht agus tacaíocht aistrithe/táthcheangail a chur ar fáil do bhaill foirne nuacheaptha.

Garsprioc thábhachtach: An córas a bheith leabaithe go hinbhuanaithe sna struchtúir náisiúnta.

3.3 **Toradh 3:** Ach a ndéanfaidh BiH agus an Mholdóiv é a chur chun feidhme, cuirfear chun cinn bogearraí AIMS/SIMS agus a n-ailíniú leis an gCreat Domhanda agus le tionscnaimh ábhartha maidir le rialú arm, idir thionscnaimh de chuid an Aontais agus tionscnaimh ábhartha idirnáisiúnta (is é sin an Conradh Trádála Arm agus CG NA).

3.3.1 *Gníomhaíochtaí*

— Dhá imeacht eile ar a laghad a eagrú agus a chur ar bun ar an imeall ag comhdhálacha idirnáisiúnta agus réigiúnacha maidir le rialú arm d'fhonn AIMS/SIMS a chur chun cinn agus maidir lena n-ailíniú leis an gCreat Domhanda agus le Straitéis an Aontais i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha agus a nArmlón.

— Ábhair for-rochtana a fhorbairt agus a scaipeadh lena léirítear an chaoi a rannchuidíonn AIMS/SIMS le cur chun feidhme an Chreata Dhomhanda agus le spriocanna rialaithe arm an Aontais agus na Náisiún Aontaithe i gcoitinne (e.g., an t-atreorú a chosc, faireachán a dhéanamh ar an úsáid deiridh, agus an trédhearcacht).

— Seimineáir ghréasáin thiomnaithe a reáchtáil do shaineolaithe teicniúla, d'údaráis náisiúnta agus do chomhpháirtithe réigiúnacha maidir le ról an bhainistithe agus an fhaireachais fardail agus maidir lena thábhachtaí atá sé gnáth-armlón a bhainistiú ar bhealach slán, sábháilte, slán agus inbhuanaithe, le linn saolré an armlóin sin.

— Tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil do BiH agus don Mholdóiv le go léireofar an chaoi a nginfidh AIMS/SIMS sonraí le haghaidh tuairisciú faoin gCreat Domhanda, faoin gConradh Trádála Arm, faoi CG NA, agus faoi ionstraimí eile.

— An phiarfhoghlaim a spreagadh trína mbeidh foghlamtha ag BiH agus ag an Moldóiv ar AIMS/SIMS a chur chun feidhme dóibh, a chomhroinnt le Stáit leasmhara eile.

Garsprioc thábhachtach: AIMS/SIMS a bheith curtha chun cinn ag Cruinnithe Réigiúnacha Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA) (2026-2027) maidir leis an gCreat Domhanda agus ag Cruinniú na Stát faoin gCreat Domhanda 2027, ag na Cruinnithe maidir le Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le mionairm agus armáin éadroma, agus ag cruinnithe ábhartha eile ar an leibhéal idirnáisiúnta, réigiúnach agus foréigiúnach.

4. GNÍOMHAIREACHT CUR CHUN FEIDHME THEICNIÚIL

Is sa Ghinéiv, san Eilvéis, atá Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil (GICHD) ach feidhmíonn sé ar fud an domhain i gcomhpháirtíocht le húdaráis náisiúnta um ghníomhaíocht mianach agus bainistiú armlóin, le hoibreoirí, leis na Náisiúin Aontaithe, agus le gníomhaithe eile. In 2024, bhí an Lárionad i mbun gnímh i mbreis agus 40 ceann de thíortha agus críocha. Feidhmíonn GICHD chun rioscaí a laghdú do phobail, rioscaí a eascraíonn as gach cineál ordanáis phléascaigh: mianaigh talún, cnuasmhuinisin, fuílligh phléascacha chogaidh, agus gnáth-armlón arna mbainistiú go neamhsháibháilte agus go neamhdhaingean.

Tacaíonn an Fhoireann Chomhairleach um Bainistiú Armlóin, a bunaíodh i mí Eanáir 2019 mar thionscnamh comhpháirteach de chuid Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála agus GICHD, tacaíonn sí le hoibríochtú an chláir SaferGuard de chuid na Náisiún Aontaithe agus cuireann sí cúnamh teicniúil ar fáil do Stáit agus do chomhpháirtithe maidir le harmlón a bhainistiú ar bhealach slán, sábháilte, agus inbhuanaithe le linn saolré an armlóin sin, i gcomhréir le IATG. Tá dea-theist ar an bhFoireann Chomhairleach um Bainistiú Armlóin, ó tháinig sí ar an bhfód, maidir le cúnamh teicniúil a chur ar fáil do na Stáit sin a mheastar a bheith i mbaol, agus do chomhpháirtithe eile maidir le harmlón a bhainistiú ar bhealach slán, sábháilte i gcomhréir le IATG.

Tá misean ar leith ag GICHD tacú leis an riosca a ghabhann le hordanáis phléascaigh a laghdú agus é a ghairmiúlú, agus réitigh nuálacha, shaincheaptha agus inbhuanaithe a chur chun cinn. Trí bhíthin línte seirbhísí, saineolas téamach agus cuir chuige gheografacha, díríonn an Lárionad go príomha ar obair réamhtheachtach, ar chuidiú le húdaráis náisiúnta úinéireacht a ghlacadh ar a gcláir agus fócasú ar straitéisí, ar chaighdeáin agus ar chreataí bainistíochta iomchuí a fhorbairt. Murab ionann agus eagraíochtaí a dhíríonn go príomha ar chur chun feidhme allamuigh nó ar abhcóideacht ardleibhéil, líonann GICHD an bhearna idir cleachtas agus beartas fud fad réimse na gníomhaíochta mianach agus an bhainistithe armlóin i gcoitinne, idir noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt agus tacaíocht shaincheaptha ar an láthair a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta. Leis an obair atá ar bun aige maidir le straitéisí agus caighdeáin a chur i gcomhthéacs, go háirithe trí dhlúthchomhar leis na stáit atá buailte, cinnteofar go mbeidh creataí domhanda ábhartha, praiticiúil agus faoi úinéireacht náisiúnta i gcónaí.

Le cois an chumais uathúil atá aige chun tionóil, lena dtugann rialtais, gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha, lucht acadúil agus an earnáil phríobháideach le chéile; tá ról ríthábhachtach ag GICHD maidir le réaltachtaí oibríochtúla a thabhairt i gcomhréir le creataí beartais a bhíonn ag athrú, agus a chinntiú go mbeidh comhleanúnachas, inoiriúnaitheacht agus tionchar marthanach ann do na pobail sin atá céasta ag ordanáis phléascacha.

5. BEARTAIS AN AONTAIS A THABHAIRT CHUN RÉITIGH

Tacaíonn an tionscadal seo go díreach le creataí beartais éagsúla de chuid an Aontais:

5.1 **Straitéis an Aontais maidir le Mionairm agus Armáin Éadroma (MAAÉ)**

Le AIMS/SIMS tugtar aghaidh ar an bpríomhábhar imní a luaitear i Straitéis MAAÉ an Aontais, is é sin gurb é ‘drochshlándáil stoc-charn’ an phríomhchúis atá ‘le hatreorú arm agus armlón ó na margaí dleathacha chuig na margaí aindleathacha’. Trí chumas fónta bainistithe digitigh fardail a chur ar bun, tacaíonn AIMS/SIMS le slándáil an stoc-chairn agus le gealltanais an Aontais caighdeáin agus treoirlínte idirnáisiúnta a chur chun feidhme, macasamhail IATG. A bhuí le gnéithe rianaithe agus cuntasachta fíor-ama an chórais, cuidítear leis an atreorú a chosc agus a shainaithint trí thaifid chuimsitheacha a choinneáil ar ghluaiseachtaí armlóin agus ar dhálaí stórála.

5.2 **Comhsheasamh AE 2008/944 maidir le hOnnmhairiú Arm**

Tá Comhsheasamh nuashonraithe 2025 an Aontais ag luí go díreach le cumais AIMS/SIMS san iliomad réimse tosaíochta. Tacaíonn AIMS/SIMS le tiomantas na Comhairle an rianú a fheabhsú agus trédhearcacht an tslabhra soláthair a chur chun cinn, rud a chuidíonn le baol an atreoraithe a íoslaghdú le linn aistrithe. Éascaíonn an córas fíorú agus faireachán úsáideoirí deiridh mar uirlis chun atreorú a chosc, tríd an bhfaisnéis riachtanach atá de dhíth a chur ar fáil le go dtarlóidh sé. Tacaíonn AIMS/SIMS go díreach le fothú acmhainneachta tríú tíortha i ngach réimse de bhainistiú stoc-charn armlóin.

5.3 **Creat Domhanda maidir le gnáth-armlón a bhainistiú le linn saolré an armlóin sin**

Is ceanglas bunúsach é bainistiú fardail d'fhonn Cuspóirí an Chreata Dhomhanda a chur chun feidhme. Tacaíonn AIMS/SIMS go díreach le Cuspóir 4 trí chumais na n-údarás náisiúnta maidir le bainistiú armlóin le linn saolré an armlóin sin a fheabhsú trí bhíthin feidhmeanna comhtháite pleanála, tuairiscithe agus diúscartha. Cuireann AIMS/SIMS agus bogearraí coimhdeachta SIMS Cuspóirí 5-7 chun cinn trí bhíthin faireachas córasach, próisis laghdaithe riosca, agus córais chuimsitheacha bainistithe fardail a sholáthar. Treisíonn an t-ardán freisin le Cuspóirí 8, 9 agus 11 trí thrédhearcacht an tslabhra soláthair a chur chun cinn, trí thacú le faireachán a dhéanamh ar úsáideoirí deiridh, agus trí chumais mharcála agus rianaithe a fheabhsú.

5.4 **An Conradh Trádála Arm (CTA)**

Tacaíonn bogearraí AIMS/SIMS le cur chun feidhme CTA trí thuairisciú níos cruinne ar stoic agus gluaiseachtaí armlóin a chumasú, trí fhaireachán ar úsáideoirí deiridh a éascú trí acmhainneachtaí cuimsitheacha rianaithe, agus tríd an mbonneagar doiciméadachta a chur ar fáil a chuidíonn le Stáit allmhairiúcháin a dtiomantas a léiriú maidir leis an atreorú a chosc agus cuntasacht a áirithiú i mbainistiú armlóin.

5.5 **Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe (CG NA) maidir le MAAÉ**

Cuireann AIMS/SIMS príomhghealltanais Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le bainistiú agus slándáil stoc-charn chun cinn trí bhíthin bonn teicneolaíoch a chur ar fáil chun fardail a bhainistiú ar bhealach éifeachtach. Tacaíonn cur chuige comhtháite an chórais maidir le cumais bainistithe agus rianaithe fardail go díreach leis an mbéim a leagann Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe ar an ngáinneáil aindleathach a chosc trí bhíthin slándáil fheabhsaithe stoc-charn. A bhuí le AIMS, cuirtear ar chumas na Stát taifid mhionsonraithe agus bearta cuntasachta a choinneáil atá bunriachtanach do bhainistiú freagrach stoc-charn faoi chreat Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe.

5.6 **An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) – An Eoraip Dhomhanda — Rialachán (AE) 2021/947**

Tacaíonn AIMS/SIMS go díreach leis na cuspóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn II, pointe 6(g) a ghabhann le Rialachán ICFCI ([2]), mar gur air sin go deimhin atá rialachas freagrach i ndáil le hairm agus armlón fothaithe. Leis an gcóras sin, cuirtear bearta dea-rialachais agus cuntasachta chun cinn atá comhsheasmhach le fórsaí cosanta agus slándála arna rialú go daonlathach. Trí thacú le cur chun feidhme AIMS/SIMS i dtíortha comharsanachta, cuireann infheistíochtaí ICFCI athchóiriú na hearnála slándála chun cinn, athchóiriú lena gcuirfear ionstraimí slándála níos éifeachtaí, níos daonlathaí agus níos cuntasaí ar fáil don fhorbairt inbhuanaithe agus don tsíocháin.

6. INFHEICTHEACHT AN AONTAIS

Déanfaidh GICHD gach beart iomchuí chun a phoibliú gurb é an tAontas a chuir an cistiú ar fáil don tionscadal seo. Is i gcomhréir le Treoirlínte Infheictheachta an Aontais a dhéanfar na bearta sin. ([3])

Ar an gcaoi sin, áiritheoidh GICHD infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais, trédhearcacht a ghníomhaíochtaí á háirithiú, agus feasacht á múscailt ar na cúiseanna leis an gCinneadh seo maille le feasacht ar thacaíocht an Aontais don Chinneadh seo agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais Eorpaigh le feiceáil go soiléir ar ábhar a tháirgtear tríd an tionscadal i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir leis an mbratach a úsáid agus a atáirgeadh go cruinn.

([2]) Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

([3]) *'Communicating and raising EU visibility: Guidance for external actions'*['Infheictheacht an Aontais a chur in iúl agus a mhéadú: Treoraíocht le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha'] (Iúil 2022 – arna nuashonrú i mí Iúil 2024).

Ós rud é go bhfuil na gníomhaíochtaí beartaithe an-éagsúil ó thaobh raon feidhme agus cineál de, bainfear úsáid as réimse uirlisí fógraíochta, lena n-áirítear na meáin; suíomhanna gréasáin; na meáin shóisialta; agus ábhair faisnéise agus fógraíochta lena n-áirítear grafaicí faisnéise, bileoga, nuachtlitreacha, preaseisiúintí agus nithe eile, mar is iomchuí. Tabharfaidh GICHD aitheantas sainráite do thacaíocht an Aontais i ngach foilseachán ábhartha de chuid GICHD, lena n-áirítear an Tuarascáil Bhliantúil, nó aon fhoilseachán eile a bhaineann leis an deontas, agus béim á leagan ar an obair sin a dtacaíonn an togra léi. Cuirfidh GICHD deiseanna ar fáil d'ionadaithe an Aontais labhairt ag imeachtaí, ag ceardlanna nó ag fóraim ábhartha arna n-óstáil nó arna gcomhóstáil ag GICHD, agus béim á leagan ar a dtiomantas agus ar a gcomhpháirtíocht. Déanfar foilseacháin, imeachtaí poiblí, feachtais agus trealamh arna soláthar faoin tionscadal a bhrandáil dá réir.